





TG 4

Tuarascáil Bhliantúil 2022







TG 4 Tuarascáil Bhliantúil 2022

Misean, Fís agus Croíluachanna	3
Gealltanais TG4 don bhliain 2022	5
Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2022	6
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile	13
Tuairisc an Chathaoirligh	14
Tuairisc an Ard-Stiúrthóra	17
Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	22
Athbhreithniú Airgeadais 2022	25
Ráitis Airgeadais	27-44

“Watching Manchán Magan’s bog series on TG4, I learned our bogs came into existence 10,000 years ago and that bogs cover one sixth of the country.

John Connell, *Irish Independent*,
22/4/2022



Misean, Fís agus Croíluachanna

Is é misean TG4 ná go soláthraímid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaímid cruthú ábhair den scoth agus tacaímid le fás eacnamaíochta in Éirinn.

Is é fíís TG4 “an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear”.

Cuimsítear fíís agus misean TG4 i mana TG4, “súil eile”, a aithníonn an gá atá le fanacht mar chuid den phríomhshruth le cláir nideoige trí chlár d’ardchaighdeán a choimisiúnú/a cheannach agus a chraoladh, cláir atá in ann dul san iomaíocht le leibhéil láidre lucht féachana a tharraingt agus iad a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an gcaoi a mbainfean an straitéis sin amach agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go mbeidh na luachanna sin mar threoirphrionsabail ag gach fostaí de chuid TG4 ina gcuid oibre.



Peil na mBan léirithe ag Nemeton TV



Gráinne Seoige: Meanapás Meon Nua léirithe ag Tyrone Productions

“Gráinne Seoige’s brave film Meanapás broadcast on TG4 recently broke the taboo by discussing a condition that will come to no less than 50pc of the population.”

Sinéad Ryan,
Irish Independent, 12/11/22

“Dhein Gráinne a cúram go paiteanta. Ba léir a taithí theilifíse ilghnéitheach agus an chaint, trom is éadrom, á láimhseáil go tuisceanach, cumasach aici.

Breandán M. Mac Gearailt,
Tuairisc.ie, 9/11/22

Croíluachanna TG4

Ceangal:

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanamid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Caighdeán agus Luach ar Airgead:

- Sceideal clár ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

Cruthaitheacht:

- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanamid.
- Leanúint de chlár nuálacha uathúla a chur ar fáil.

Réamhghníomhach:

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.



The Queen v Patrick O'Donnell léirithe ag Rosg Teo.

Iléagsúlacht, Cothroime agus Cuimsitheacht (ICC)

“FIVE OUT OF FIVE STARS: History rendered as an utterly thrilling drama in *The Queen v Patrick O'Donnell*”

Pat Stacey,
Irish Independent, 3.1.22

Tá forbairt agus cur chun feidhme Straitéis ICC (Straitéis Iléagsúlachta, Chothroime agus Chuimsitheachta) TG4 faoi stiúir an Fhóraitm Seaimpíní, a bhfuil ionadaithe air ó ar fud eagraíocht TG4. Cuireadh scálaí tomhais agus straitéis ICC TG4 ar fáil in Eanáir na bliana 2022 agus tá siad ag an gcéim cur chun feidhme anois. Mar chuid den phróiseas seo, cuireann TG4 roinnt scálaí tomhais ICC i dtoll a chéile agus tomhaistear iad lena n-áirítear: baill foirne de réir stádas fostaíochta; baill foirne de réir inscne agus Rannóige; baill foirne de réir inscne agus leibhéal; baill foirne de réir deicíl aoise agus Rannóige; baill foirne 55+; baill foirne de réir blianta seirbhíse; agallaithe poist & iarratasóirí a d'éirigh leo de réir inscne; agus staitisticí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Cuireadh na scálaí tomhais uile ar an mbonnlíne ag deireadh na bliana 2022 agus déanfar iad a thomhas arís agus a mhéadú gach bliain chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ICC in TG4.

Léirítear i bhfigiúirí na bliana 2022 go bhfuil cothroimaíocht an-dearfach ag TG4 i ndáil le hinscne ar fud aoischohórt agus rannóg. Cuireadh tacaíochtaí breise ar fáil chun tacú le hoibrithe mná dul chun cinn i réimsí teicniúla a bhfuil éagothroime ann go traidisiúnta, rud atá ag tarlú sa tionscal trí chéile. Léirítear sna tomhais ar an mbearna phá idir na hinscní

go bhfuil difríocht fhíorbheag idir na cohóirt inscne agus go deimhin go bhfuil na tomhais i bhfábhar na mban seachas na fir. Tá polasaí nua oibre solúbtha, pleanáil straitéiseach comharbacht, intéirneachtaí agus clár printíseachta a chur ar fáil ina gcuidiú chun an fórsa saothair a éagsúlú tuilleadh.

Chuir Fóram Seaimpíní TG4 gníomhartha ICC i bhfeidhm le linn na bliana 2022 ar fud trí cholún; fórsa saothair cuimsitheach, ábhar a fhoilsíonn muid agus sna pobail a imríonn tionchar. Cuireadh réimse de ghníomhaíochtaí oiliúna feasachta ar fáil don fhoireann. Ar mhaith le cur le traidisiún TG4 a bheith ag tacú le mná sa spórt, chuir muid réimse leathan cláracha agus ábhair ar fáil ar fud gach ardán inar taispeánadh Peil na mBan, AFLW, sacar, rugbaí, cispheil, rásaíocht, rothaíocht na mban agus go leor eile. Cuireadh béim freisin ar níos mó iléagsúlachta san ábhar a fuair muid agus a choimisiúnaigh muid. Rinne TG4 obair freisin ar thionscnaimh ICC i gcomhar le hAontas Craolacháin na hEorpa, le Fís Éireann, le IBEC agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Sa bhliain 2023 tá TG4 ag tabhairt tionscnaimh ICC faoi Straitéis CSR (Straitéis Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais) atá nua agus níos leithne chun soláthar agus tuairisciú an dul chun cinn sa réimse seo a chur ar bhonn foirmiúil.

Gealltanais TG4 don bhliain 2022

Tá 12 réimse barrthábhachta sonraithe ag TG4 maidir leis an mbliain 2022:

1 Lucht Féachana Líneach:
Cur le sciar TG4 den lucht féachana líneach náisiúnta.

2 Lucht Féachana na nArdán Digiteach:
Leanúint ag cur le babhtáí breathnaithe agus leis an lucht féachana maidir le hábhar digiteach TG4.

3 Lucht Féachana Óg:
Infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí do leanaí agus in ábhar don lucht féachana idir 15-34 bliana d'aois, caidreamh an lucht féachana óg le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

4 Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta:
Freastal níos fearr arís ar phobal na Gaeilge agus ar phobal na Gaeltachta.

5 Eacnamaíocht Cruthaitheachta sna Réigiúin:
Treisiú le forás ar eacnamaíocht na cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn le hinfheistíocht i bhforbairt ábhair agus i bhforbairt cumais.

6 Idirnáisiúnú ar an earnáil Closamhairc Neamhspleách:
Straitéis TG4 maidir le treisiú le hidirnáisiúnú ar earnáil na léiritheoirí neamhspleacha a athnuachan.

7 Idirnáisiúnú ar Lorg Cultúir agus Cruthaitheachta TG4:
Lorg cultúir agus teanga TG4 ar fud an domhain a neartú.

8 Ár gcuid Sócmhainní Cultúir agus Teanga a Chaomhnú:
Athbhreithniú agus athnuachan a thabhairt ar an Straitéis maidir le Cartlann Dhigiteach TG4.



An Cóstá Thiar léirithe ag Aniar TV

9 Inaimsitheacht agus Feiceálacht:
Forbairt bhreise maidir le hinaimsitheacht agus feiceálacht ábhar TG4.

10 Inmharthanacht:
Leanúint de mhodhanna oibriúcháin níos inmharthana agus de ghnáis ghlasa léiriúcháin a thabhairt i bhfeidhm i bpáirt le hearnáil na léiritheoirí.

11 Maoiniú agus Scála:
A chinntiú go ndéantar maoiniú leordhóthanach ar TG4 chun forás a dhéanamh agus a chinntiú go dtugtar luach an airgid i gcrích maidir leis na cistí poiblí.

12 Iléagsúlacht, Cothroime agus Cuimsitheacht:
Iléagsúlacht, cothroime agus cuimsitheacht a chur chun cinn i TG4, ar an scáileán agus i ngach réimse eile.

Buaicphointí Feidhmíochta 2022

“The best programmes of the week were, as so often, on TG4 ... Iontais na bhFarraigí Ceilteacha which explores the wildlife along the shores of Ireland’s southeast and the Welsh coast. The first episode was worth the licence fee alone.”


Eilís O’Hanlon,
Sunday Independent, 16.1.22

Bhí 2022 ar an mbliain tosaigh de Fhís Tar Éis Covid TG4 maidir leis an tréimhse 2022–2025. Baineann an Fhís le sféar poiblí a chothú do lucht labhartha na Gaeilge, stádas náisiúnta a chruthú don teanga agus príomhshruthú a dhéanamh ar an teanga sa sféar náisiúnta. Tá sé bunaithe ar athrú go dtí éiceachóras níos cothroime maidir leis na Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus ar chaighdeán agus stádas TG4 a fhorbairt go dtí leibhéal tagarmhairc Eorpach.

Tá tús maith déanta agus dul chun cinn suntasach tugtha i gcrích i rith na chéad bhliana. De réir mar a tháinig ardú ar an maoiniú, tá curtha againne leis an infheistíocht in ábhar atá dírithe ar dhaoine óga, ar na hardáin líneacha agus go háirithe ar na hardáin ar líne. Leantar den dul chun cinn ag freastal níor fearr arís fiú ar lucht féachana na Gaeilge agus ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ionas go gcruthaítear stádas don Ghaeilge leis an lucht féachana náisiúnta.

B’ábhar mórtais sa bhliain 2022 an rath iontach a bhí ar Cine4, an scéim faoina léirítear scannáin ardchaighdeán i nGaeilge. Ba stairiúil an éacht ag scannán Gaeilge é nuair a scuab *An Cailín Ciúin* Gradam an Grand Prix ag féile Berlinale, agus gnóthaíodh ina dhiaidh sin gradaim do *An Cailín Ciúin* agus do *Róise agus Frank* araon ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath. Seoladh *Tarrac*, scannán eile de chuid Cine4, ag Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe. Lean an t-aitheantas do Cine4 ar feadh na bliana ar fad go dtí gur ainmníodh *An Cailín Ciúin* i gcatagóir an Fhadscannáin Idirnáisiúnta ag gradaim na ‘Oscars’.

Lean TG4 i rith na bliana 2022 den ról maidir le bonn treise a chur faoi chomhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin agus faoi chúrsaí eacnamaíochta sna réigiúin le hinfeistíocht bhreise agus ábhar nua a choimisiúnú ón earnáil chomh maith le cumas daoine a fhorbairt.



Lucht Féachana 2022

3.654m duine nó 82% den daonra a d'fhéach ar TG4 tráth éigin i rith na bliana 2022. Tá curtha ag TG4 leis an sciar den lucht féachana le trí bliana anuas agus tháinig ardú sa bhliain 2022 ó 1.89% sa bhliain 2021 go dtí 1.96%, an sciar is airde a bhí ag an gcainéal ón mbliain 2011 i leith. Tháinig ardú 5% freisin ar an sciar den lucht féachana i rith na mbuaicthráthanna craolta (ó 2.05% sa bhliain 2021 go dtí 2.15% sa bhliain 2022).


Lean an forás tréan ar na babhtaí féachana agus an lucht féachana maidir le meáin dhigiteacha neamhlíneacha TG4 sa bhliain 2022. Tháinig ardú beagnach 120% ar líon na mbabhtaí féachana trasardáin ar fhíseáin d'ábhar TG4 sa bhliain 2021 go dtí 135.8m sa bhliain 2022. Chruthaigh *Molscéal* go maith, le forás beagnach 10% ó 2.37m go dtí 2.6m babhta féachana ar fhíseáin sa bhliain 2022. Tháinig ardú ar bhabhtaí féachana fhíseáin *Bloc* TG4 ó 2.96m go dtí 3m sa bhliain 2022 — le ríleanna

Instagram agus TikTok ar an hardáin ba mhinice ábhar *Bloc* ar breathnaíodh orthu.

Tháinig ardú 25% freisin maidir le caidreamh a cheangal le *TG4 Foghlaim*.



An *Diabhail Inti* léirithe ag Lagan Media Productions



“Saothar cumasach suimiúil ar thréimhse neamh-mheabhrach na géarleanúna caillí”


Breandán M. Mac Gearailt,
Tuairisc.ie, 14.3.22

“Irish Witch trials targeted women on margins and people with disabilities”

Niamh Horan,
Sunday Independent,
6/3/22

Is léir ó shuirbhé náisiúnta de chuid IPSOS MRBI ar 1,000 duine fásta go bhfuil 92% den phobal a aontaíonn go láidir/a aontaíonn go bhfuil gá soiléir le TG4 agus ról soiléir aige i gcúrsaí craoltóireachta in Éirinn. Tá 81% a aontaíonn go láidir/a aontaíonn

go gcuireann TG4 ábhar agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil. Síleann 83% go bhfuil TG4 ar an mbeart is tairbhí maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus i mbéal an phobail.



Buaicphointí maidir le cúrsaí ábhair 2022

I rith na bliana 2022, craoladh 2,036 uair a chloig d'ábhar ealaíne, cultúir agus spóirt i nGaeilge ar TG4.

I measc bhuaicphointí maidir le cláracha faisnéise, bhí an clár faisnéise faoi stiúir na mban ag fiosrú ré na mná, *Gráinne Seoige: Meanapás, Meon Nua*. Craoladh dhá chlár faisnéise eile in 2023, *Mary Kennedy: Fad Saoil* agus *Síomha: Idir Anam's Corp*. Foilsíodh in An Buachaill Gealgháireach an scéal a bhaineann le 'The Laughing Boy', amhrán a scríobh

Breandán Ó Beacháin i gcuimhne ar Mhicheál Ó Coileáin. Cíoradh an tráchtáil a rinne na Lochlannach ar sclábhathie in *Íospartaigh na Lochlannach* agus caitheadh súil in *Cyril Cusack: Lár an Stáitse* ar shaol dhuine d'aisteoirí móra na hÉireann. I *Na Ceithre Ráithe sna Déise* caitheadh bliain iomlán i nGaeltacht Phort Láirge agus nochtadh scéalta rúnda maidir le hAbhainn Mhór na Mumhan ar *Cois Móire*.

“Yet again, the country’s smallest broadcaster offers the biggest reason not to turn off Irish Christmas TV.”

Pat Stacey,
The Herald, 15/12/22



An Buachaill Gealgháireach léirithe ag Imagine Media



Chuaigh Hector ar ais i mban taistil ar thuras ó na tíortha Balcánacha in oirthear na hEorpa go dtí na tíortha Baltacha ó Thuaidh agus bhí sraith nua, *Contractors*, a thaitin go mór le lucht féachana TG4.

Áirítear ar bhuaicphointí na gcláracha ceoil *Dessie: Glór na Bó Finne*, ceiliúradh ar shaol an amhránaí Dessie O'Halloran agus *Willie Clancy: 50 bliain den Cheol* faoi cheol Willie Clancy. Chuaigh Breannán agus Cormac Ó Beaglaíoch, athair agus mac, ar thuras ceoil as Corcaigh go Cill Mhantáin ar *Shlí na mBeaglaíoch* agus chuir Doireann Ní Ghlacáin sraith nua ceoil, *Ceolaireacht*, i láthair inar cíoradh cúrsaí an cheoil thraidisiúnta thart timpeall na hÉireann.

San áireamh le clúdach leitheadach TG4 ar chúrsaí Spóirt i rith na bliana 2022, bhí CLG, Rugbaí, Tour de France agus Sacar na mBan. Chuir níos mó ná 491,000 TG4 ar siúl ag féachaint ar Chluichí



“An Cailín Ciúin has become the little Irish film that could.”

Chris Wasser, 16.10.22

“The delightful Róise & Frank is part of a thrilling new wave of Irish-language filmmaking.”

Donald Clarke, The Irish Times

“Dónal Ó Héalaí is the first bona fide Irish-language movie star.”

Tara Brady, Irish Times, 2.3.22

Ceannais Pheil na mBan i gCraobh na hÉireann TG4 i mí Iúil. Bhí *Imeall*, an tsraith ealaíon, ar ais ar TG4 agus bhuaigh *Samhlú*, arna léiriú ag Fbín Media, gradam mórchlú Celtic Media Torc don chlár Ealaíon is fearr.

Sa bhliain 2022, bhí scaoileadh pictiúrlainne ag trí scannán ón scéim Cine4. Gnóthaíodh olltáill níos mó ná €1m ag botháin ticéad na bpictiúrlann in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe amháin don scannán *An Cailín Ciúin*, rud a fhágann gurb é an scannán Gaeilge é is fearr ar éirigh leis riamh. Aontaíodh conarthaí dáiliúcháin idirnáisiúnta a d'fhág gur taispeánadh *An Cailín Ciúin* i bpictiúrlanna i Meiriceá, i gCeanada, san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Fhrainc. Tharraing *Róise & Frank*, an scannán Gaeilge do theaghlaigh aird agus moladh an lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Scaoileadh *Foscadh* sna pictiúrlanna freisin, agus bhí rith rathúil aige. Craoladh na scannáin *Arracht* agus *Foscadh* ar an teilifís den chéad uair ar TG4 i rith fhómhar na bliana 2022.



Dessie: Glór na Bó Finne léirithe ag Blue Moon Productions

Buaicphointí maidir le hImeachtaí ar TG4 in 2022

“Sky, which has been owned since 2018 by US telecoms and media giant Comcast, has also signed deals with TG4 and rival Virgin Media Television, with Buckley hailing the importance of its relationships with each.”

Laura Slattery,
The Irish Times 27/7/22

“Over the past few years, younger viewers have taken to watching even English-language films with the subtitles on. A mode that was once forbidding is now mainstream.”

Donald Clarke,
The Irish Times 6/9/22

TG4 a d’eagraigh an 38ú Comhdháil Bhliantúil CIRCOM do Chraoltóirí Réigiúnach na hEorpa i nGaillimh i mí Bealtaine. Bhí níos mó ná dhá chéad toscaire ó 28 craoltóir de chuid na hEorpa páirteach sa chomhdháil ar an téama “Réigiúin na Cruthaith-eachta, Eacnamaíocht na Cruthaith-eachta”.

Tar éis dhá bhliain dá éagmais, bhí Fleadh Cheoil na hÉireann ar ais sa Mhuileann gCearr mar a raibh an chéad uair riamh sa bhliain 1951. Rinne TG4, leis na láithreoirí Daithí Ó Sé agus Doireann Ní Ghlacáin, craoladh beo gach oíche ón bhFleadh agus tarraingíodh an lucht féachana is mó ar an bhFleadh Cheoil ar TG4 ón mbliain 2017 i leith.

As an gCeoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, den chéad uair riamh, a craoladh searmanas bronnta na nGradam Ceoil 2022. Ba í an bhliain 2022 an 25ú bliain de shearmanas na ngradam.

Chraol TG4 níos mó d’imeachtaí *Chomórtas Peile na Gaeltachta* agus *Oireachtas na Gaeilge*. Rinne *Molscéal* agus *Spórt TG4* an Comórtas Peile a chur i láthair agus bronnadh Gradam Cumarsáide an Oireachtais ar *Molscéal* as ucht chur i láthair na hócáide. Bhí cur i láthair cuimsitheach ar TG4, *Molscéal*, *Bloc* agus *Cúla4* maidir le himeachtaí Oireachtas na Gaeilge rud ar tháinig ardú dá thoradh ar líon na sruthanna beo ar Seinnteoir TG4.



CIRCOM Comhdháil Bhliantúil Réigiúnach 2022 Niamh Ní Chróinín agus Blindboy.

Beartha Forbartha TG4 2022

Ar cheann de bhearta móra forbartha na bliana 2022, bhí tosú ar an obair maidir le cainéal nua faoi leith do leanaí, *Cúla4*. D’aontaigh an tAire cainéal nua faoi leith do leanaí i mí Meán Fómhair. Beidh an cainéal nua á sheoladh i mí Meán Fómhair 2023. Rinne TG4 baill foirne lárnacha don chainéal a earcú agus fógraíodh babhtáí éagsúla coimisiúnaithe maidir le cláracha don chainéal nua, seirbhís

phíolótach nuachta do leanaí san áireamh. Seoladh dearadh nua do bhranda *Cúla4* ar an aer. Ceapadh ceannasaí oideachais ar *TG4 Foghlaim* chun straitéis oideachais agus foghlama TG4 a fhorbairt.

Foilsíodh Tuarascáil ar Thodhchaí Coimisiún na Meán i mí Iúil 2022. Moltar i Straitéis Forfheidhmiúcháin agus Plean Gníomhaíochta um Thodhchaí Choimisiúin na Meán, gur cheart smacht

neamhspleách eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar sheirbhísí nuachta an stáisiúin ionas gur mó iléagsúlachta a bhainfidh le cúrsaí nuachta agus gur féidir le TG4 seirbhísí fhorfheabhsaithe a chur ar fáil don lucht féachana. Cheap TG4 an chéad Cheannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha i mí Deireadh Fómhair 2022; agus cuireadh tús le branda Nuacht TG4 a fhorbairt. Choimisiúnaigh TG4 freisin sraith cúrsaí reatha imscrúdaithe ón earnáil léiriúcháin neamhspleách.

I rith na bliana 2022, lean TG4 leis an straitéis “TG4 Gach Áit” agus leathnaíodh na seirbhísí. Sheol TG4 TG4 HD ar Saorview i mí na Nollag 2022. Seoladh TG4 ar Sky Glass in Éirinn i rith shamhradh na bliana 2022 agus rinneadh fairsingiú ar an ábhar a chuirtear ar fáil ar Sheinnteoir TG4 atá ar fáil ar fud an domhain ar IOS, Android agus ar Theilifíseáin Chliste.

Thosaigh TG4 freisin ag ullmhú le cainéal TG4+1 a sheoladh. Beidh *Cúla4* agus TG4+1 á seoladh ar lphléacs DTT Saorview i mí Meán Fómhair 2023.



Eimear Ní Chonghaile, Nuacht TG4

“Future of Media Commission Report: Some of the commission’s approved recommendations — the view that TG4 should have independent control of its own Nuacht and measures to give a wider range of news outlets access to public funding — have been welcomed.”

Laura Slattery, *The Irish Times* 12/7/22

Infheistíocht i gCumas Daoine agus in Eacnamaíocht na Cruthaitheachta sna Réigiúin in Éirinn

“Bhaineas gáire as an ngreadah suathaireachta a fuair sé i bhfolcadh Turcach. Ag an am céanna, áfach, éiríonn le Hector míreanna níos sollúnta a láimhseáil chomh maith.”

Breandán M. Mac Gearailt, *Tuairisc.ie*, 1.11.22

Lean TG4 den infheistíocht shuntasach in earnáil na léiritheoirí don scáileán agus in earnálacha eile na cruthaitheachta closamhairc i gceantair réigiúnacha agus i gceantair Ghaeltachta in Éirinn. Rinne TG4 sa bhliain 2022 72% den mhaoiniú poiblí a infheistiú in ábhar ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Chaith TG4 €31.1m ar sheirbhísí cruthaitheachta in Éirinn agus caithheadh €26.3m de sin le comhlachtaí réigiúnacha cruthaitheachta (€24.5m i bPoblacht na hÉireann agus €1.8m i dTuaisceart Éireann). D’oibrigh TG4 go gníomhach le 33 léiritheoir neamhspleách Gaeilge agus is le comhlachtaí léiriúcháin réigiúnacha a caithheadh 90% den chaiteachas iomlán a rinneadh le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn. Lean TG4 freisin i rith na bliana 2022 den infheistíocht i scéimeanna i gcomhar le comhlachtaí eile sa tionscal maidir le daoine cumasacha a fhorbairt don earnáil.



Hector — *Balkans go Baltics* léirithe ag Domhan Media



80% An Sciar de na Cistí Poiblí ar Ábhar Gaeilge.



€26.3m Caiteachas le comhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn. €31.1m ar fud na tíre — ardú **14%** ar chaiteachas 2021.



95% An sciar den chaiteachas le hEarnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha lena gcruthaítear maoin intleachta



€63m Cion tairbhe maidir leis an Olltáirge Réigiúnach. **€76.3m** ar fud na tíre.



972 Tionchar Réigiúnach Fostaíochta (CLA). **1,146** post CLA ar fud na tíre.

Rialachas, Luach ar Airgead agus Éifeachtacht

“Increasingly, TG4 has become the place to go to escape the galloping descent into idiocy.”

Ellis O’Hanlon,
Sunday Independent,
10/4/22

Chuir TG4 fáilte roimh Chathaoirleach nua, Anna Ní Ghallachair, agus triúr ball boird nua, Róisín Ní Ráighne, Aedín O’Leary agus Seán Ó Cuirreáin, i mí na Samhna 2022. Chuir TG4 fáilte roimh Sonia Nic Giolla Easbuig mar ball bhord ball i mí Feabhra 2023.

Tá TG4 tugtha don leas is fearr a bhaint as an maoiniú poiblí. Déantar gach bliain an méid is féidir a infheistiú in ábhar Gaeilge agus cinntítear costas foirne agus barrchostais a choinneáil chomh híseal agus is indéanta.

Sa bhliain 2022, chaith TG4 €36.878m ar ábhar. Bhí sin cothrom le 85% de chaiteachas oibriúcháin

TG4 sa bhliain 2022. Chaith TG4 €34.346m den méid sin ar ábhar Gaeilge, suim is ionann agus 80% de na cistí poiblí.

I rith na bliana 2022, lean TG4 de bhearta a thabhairt i gcrích ar mhaithe le hinbhuanaitheacht lucht saothair TG4, daoine a bheith ar fáil agus forbairt leanúnach orthu, lena n-áirítear infheistíocht shuntasach i ndea-bhail agus i sláinte mheabhrach an uile dhuine den fhoireann. Rinne TG4 infheistíocht freisin i gcórais oibriúcháin inmharthana d’fhonn gnáis oibre atá glas a chur i bhfeidhm maidir le léiriú, craoladh agus dáileadh ábhair.



Contractors léirithe ag Domhan Media

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an Ard-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2022.

Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2022



Anna Ní Ghallachair
(An Cathaoirleach)



Alan Esslemont
(An tArd-Stiúrthóir)



Bríd Ní Fhachtna



Frank Reidy



Mairéad Ní Nuadháin



Siobhán Ní Ghadhra



Darach Ó Tuairisg



Seán Ó Domhnaill



Róisín Ní Ráighne



Aedín O'Leary



Seán O Cuirréain



Sonia
Nic Giolla Easbuig
(ceaptha in 2023)

Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe

Nóra-Máire Uí Mhocháin

TG4

Baile na hAbhann

Co. na Gaillimhe

Rúnaí an Bhoird

Lís Ní Dhálaigh

Fochoistí an Bhoird

Tá cheithre fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach)

Frank Reidy

Mairéad Ní Nuadháin

Anna Ní Ghallachair

Aedín O'Leary

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2022, tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile 4 huair agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Thuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúcháireachta.

An Coiste Luach Saothair

Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach)

Bríd Ní Fhachtna

Sean Ó Cuirréain

Ní raibh aon chruinniú den choiste Luach Saothair ann in 2022 mar gur tháinig deireadh le tréimhse na gcomhaltaí a bhí ar an gCoiste roimhe sin i mí Aibreáin 2022 agus níor bunaíodh an coiste nua go dtí mí Feabhra 2023.

An Coiste Branda

Róisín Ní Ráighne (An Cathaoirleach)

Siobhán Ní Ghadhra

Tháinig an Coiste Branda le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022.

An Coiste Digiteach

Seán Ó Domhnaill (An Cathaoirleach)

Darach Ó Tuairisg

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022.

Iniúcháir

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara

Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

AIB

Caisleán an Loingsigh

Sráid na Siopaí

Gaillimh

Tuairisc an Chathaoirligh, 2022

Is pléisiúr dom mo chéad tuairisc i mo Chathaoirleach ar Bhord TG4 a chur i láthair.

Ba mhaith liom ar dtús buíochas a ghlacadh le Siún Ní Raghallaigh, a dtagaim i gcomharbacht uirthi, a bhfuil dhá théarma cúig bhliana caite aici ina Cathaoirleach. Le cabhair ó chomhaltaí eile an Bhoird, chuidigh an fhís agus an cheannasaíocht láidir a bhí aici an t-athrú atá tagtha ar TG4 le deich mbliana anuas a threorú, ó bheith ina chraoltóir líneach aon chainéil amháin go dtí eagraíocht Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí ilardáin ilchainéil.

Ó ceapadh ar Bhord TG4 mé i mí na Samhna 2022, táim an-tógtha leis an méid atá bainte amach go dtí seo, agus go háirithe le deich mbliana anuas.

Tá ról suntasach anois ag TG4 i dtaobh an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú le cultúr agus ealaíona na hÉireann, mar aon le foghlaim na Gaeilge agus cúrsaí oideachais. Tá ábhar closamhairc Gaeilge atá bunaithe ar an gcuraclam á chur ar fáil do scoileanna agus do dhaltai bunscóile agus iar-bhunscóile, mar shampla lenár n-ábhar *Cúla4* agus *TG4 Foghlaim*.

Tá ról mór ag TG4 freisin san fhorbairt réigiúnach, ról nach móide a bheadh le sonrú ag an lucht féachana ach amháin gurb sárchaighdeán ár gcuid ábhair, ach ról a mbíonn tionchar ollmhór aige ar an saol a chaitheann cuid mhór daoine agus pobal ar fud oileán na hÉireann. Is é TG4, ina Chraoltóir-Foilsitheoir dó, príomh-mhaoinitheoir earnáil na léiritheoirí don scáileán sna réigiúin in Éirinn. Tríd an infheistíocht a dhéanaimid i gcoimisiúnaí ábhair agus i gothú cumas agus scileanna cruthaitheachta, cuidíonn TG4 le hearnáil inbhuanaithe a chothú agus cuirtear deiseanna fostaíochta trí Ghaeilge ar fáil maidir le hobair oílte, chruthaitheachta agus theicniúil.

Cine4

Trí scéim ardaidhmeannach Cine4, tá scannáin nua-léirithe Ghaeilge á gcur ar fáil ag TG4 i bpictiúrlanna, ag féilte scannán agus ar an teilifís. Chuaigh sárchaighdeán na scannán a léiríodh go dtí seo go mór i gcion orm. Ó



Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach TG4

2017 i leith, tá dhá thionscadal scannánaíochta Gaeilge in aghaidh na bliana á léiriú faoi Cine4, i gcomhar le Fís Éireann agus Coimisiún na Meán. *Finky, Arracht, Róise & Frank, Foscadh, An Cailín Ciúin* agus *Tarrac* na scannáin atá curtha i gcrích faoi Cine4 go dtí seo. Chuaigh gach ceann acu i bhfeidhm ar an lucht féachana ar a bhealach féin agus is cinnte go bhfuil ábhar mórtais ag TG4 astu ar fad.

Thug léirmheastóirí in Éirinn agus thar lear ard-mholadh do scannáin Cine4 ag féilte scannán agus ag searmanais gradam ar fud an domhain. Mar shampla, roghnaíodh an dráma sainré staire *Arracht* le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag na gradaim Oscar sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr in 2021 agus ghnóthaigh an scannán 15 gradam agus ainmniúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Roghnaíodh an dráma teacht in inmhe *Foscadh* le hionadaíocht a



Seoladh Chraobhchomórtas Pheil na mBan TG4 2022



Róisín & Frank léirithe ag Macallá Teo.

dhéanamh ar Éirinn ag na gradaim Oscar sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr in 2022 agus thug an scannán sin gradaim leis freisin ag féilte scannán ar fud an domhain agus ag gradaim IFTA. D'éirigh thar barr le *Róisín & Frank*, fadscannán teaghlaigh, ag féilte agus tá gradaim éagsúla buaite aige, ina measc an Gradam don Ensemble is Fearr ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Virgín Media.

Is é *An Cailín Ciúin* an scannán Gaeilge is fearr ar éirigh riamh leis i bpictiúrlanna. Is iomaí gradam bronnta ar an scannán ó taispeánadh den chéad uair é ag Berlinale 2022, Gradam an Grand Prix ag Berlinale chomh maith le hainmniúchán BAFTA ina measc. B'ábhar mór ríméid againn é nuair a ainmníodh an scannán do 95ú Gradaim an Acadaimh 2023 sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag gradaim Oscar, éacht stairiúil mar gurbh é an chéad fhadscannán Gaeilge riamh é a ainmníodh sa chatagóir sin.

Gabhaim buíochas lenár bpáirtnéirí in Cine4, Fís Éireann agus in Coimisiún na Meán, as a gcuid tacaíochta maidir le scannánaíocht i nGaeilge. Is deimhniú soiléir ar shárchaighdeán chumas na ndaoine atá ag saothrú trí Ghaeilge an rath atá in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar an scéim Cine4. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha chun scannáin ardchaighdeáin eile Ghaeilge a fhorbairt agus a léiriú.

Comhpháirtíochtaí Láidre

Tá *“an Comhpháirtíocht”* ar cheann de bhunphrionsabail straitéis TG4. Ciallaíonn sé sin nach mór do TG4 oibriú i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla chun freastal ar an lucht féachana agus breis lucht féachana a mhealladh, agus go dtacaíonn na comhpháirtíochtaí le héifeachtacht mar aon le hardchaighdeán agus cruthaitheacht a neartú.

Is ceart aird a dhíriú ar an tábhacht atá leis an gcomhpháirtíocht le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, beart a bhfuil ceannródaíocht déanta ag TG4 ina leith le cúig bliana is fiche anuas. Leanadh de sin sa bhliain 2022 agus bímid ag brath ar an earnáil dár n-ábhar cruthaitheachta sainiúil maidir le scannáin, cláracha teilifíse agus ábhar neamhlíneach. D'oibrigh TG4 go gnómhach i rith na bliana le líon mór léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge

agus infheistíodh níos mó arís (72%) de chistí poiblí TG4 in ábhar ón earnáil seo.

D'oibríomar go dlúth freisin le heagraíochtaí eile, Coimisiún na Meán agus Fís Éireann ina measc, ní ar an scéim Cine4 amháin ach ar fhorbairt agus léiriú ábhair freisin, chomh maith le cúrsaí oiliúna agus forbairt na hearnála. Tá curtha go mór ag ár gcuid scéimeanna oiliúna i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, mar shampla, le cothú an chumais maidir le scríbhneoireacht, stiúthóireacht agus léiritheoireacht trí Ghaeilge agus tugtar aitheantas ina leith sin go forleathan ar fud an tionscail.

Ar na páirtnéirí eile, áirítear an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, RTÉ agus cuid mhór eagraíochtaí spóirt, cultúir, oideachais agus Gaeilge. Aithnímid an méid ollmhór a chuireann siad le seirbhís TG4 agus gabhaimid buíochas leo uilig. I mo Chathaoirleach nua dom ar TG4, táim ag tnúth le dul i mbun rannpháirtíochta leis na heagraíochtaí seo i rith na mblianta amach romhainn.



An Cailín Ciúin léirithe ag Inscéal

“Róisín & Frank:
A shaggy dog story with real heart. Comedic but emotionally true study of bereavement and its effects.”

Donald Clarke,
The Irish Times, 16.9.22

“This is filmmaking at its most alchemical, turning every ingredient to gold ... Catherine Clinch is simply everything.”

Deadline Hollywood
14/12/2022

“An Cailín Ciúin has become the little Irish film that could.”

Chris Wasser,
16/10/2022



Peil na mBan, léirithe ag Nemeton

“Almost 500,000 tune into All-Ireland Women’s Football final on TG4. Viewers from more than 50 countries tuned into finals on TG4 Player as Meath won the title.”

The Irish Times 2/8/2022

Breis Cistíochta

Tá breis cistíochta chun seirbhísí agus lucht féachana TG4 a threisiú agus a neartú ina thosaíocht leanúnach straitéiseach ó thaobh obair Bhord TG4 de. Beidh sé ina thosaíocht i gcónaí faoi mo stiúirse.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Rialtas as an ardú ar mhaoiniú TG4 le trí bhuiséad anuas. Is é an t-ardú €7.3m don bhliain 2023 an t-ardú is mó ar mhaoiniú poiblí TG4 in aon bhliain ar bith go fóill agus táthar an-bhuíoch as. Rinne an chistíocht bhreise difríocht shuntasach don tseirbhís agus is mian liom aitheantas a thabhairt, mar a rinne an tArd-Stiúrthóir Alan Esslemont, don obair mhór atá déanta ag an rialtas i dtaobh TG4 a neartú. A bhúiochas don ardú seo, beidh ar chumas TG4 Cúla4, cainéal Gaeilge faoi leith do leanaí, a sheoladh sa bhliain 2023. Is iontach an beart sin agus beidh leas as, tá súil againn, ag glúnta leanaí a bhfuil Gaeilge acu go ceann blianta fada. Beidh ar ár gcumas freisin níos mó cistí a chur i dtreo chláracha ardchaighdeán agus ábhar don lucht féachana, agus tacú níos mó arís leis an lucht cumais agus cruthaitheachta in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn.

Ainneoin an ardaithe sin, tá TG4 chun deiridh i gcónaí i gcomórtas le craoltóirí teangacha mionlaigh eile san Eoraip i dtaca le maoiniú agus le scála. Sampla maith de sin is ea an craoltóir teanga mionlaigh is gaire dúinn, S4C sa Bhreatain Bheag. Ainneoin daonra baile agus diaspóra i bhfad níos lú a bheith i gceist, tá beagnach dhá oiread bhuiséad TG4 ag S4C. Tá d’aidhm againn sin a chur ina cheart agus féachfar, i rith ré feidhme Fhís Tar Éis Covid 2022-2025, le beagnach dúbailt ar mhaoiniú TG4 a bhaint amach. Leanfaidh an Bord ag díriú díochill ar thuiscint níos fearr a chothú ar an ngá atá leis an nGaeilge a neartú agus í a chothú mar chéad teanga againn agus ar an ról tábh-

achtach a bhíonn le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na Gaeilge agus le TG4 maidir le hiléagsúlacht teangacha a choinneáil ar bun in Éirinn. Ní mór an dá aidhm sin a bheith le sonrú freisin ar leibhéal cistíochta TG4.

Déanfar na cistí breise ar fad a infheistiú in ábhar agus sa chruthaitheacht. Ní hamháin go mbeidh tairbhe dhíreach ag an lucht féachana as sin, cuideoidh sé freisin le daoine cumasacha a choinneáil i gceantair réigiúnacha agus le hinfheistiócht eile a spreagadh i maoin intleachta, i scileanna earnáil na léiritheoirí, i mbonneagar agus i seirbhísí. Chomh maith leis na buntáistí soiléire eacnamaíochta, beidh buntáistí sóisialta agus cultúrtha go leor mar thoradh air sin freisin ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta.

Deimhním go bhfuil TG4 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Focal Buíochais

Is cúis mhór áthais dom é gur leagadh de chúram orm Bord TG4 a stiúradh agus is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Rialtas as an onóir a bhaineann leis sin. Táim ag tnúth le bheith ag obair in éineacht le comhaltaí nua an Bhoird, Róisín Ní Ráighne, Aedín O’Leary, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Seán Ó Cuirreáin chomh maith le comhaltaí eile Bóird atá i mbun oibre le tamall anuas: Siobhán Ní Ghadhra, Mairéad Ní Nuadháin, Darach Ó Tuairisg, Bríd Ní Fhachtna, Frank Reidy agus Seán Ó Domhnaill. Is mór agam an taithí agus an saineolas atá acu agus sinn ag pleanáil agus ag stiúradh chúrsaí TG4 sna blianta atá romhainn. Gabhaim buíochas leo ar fad as a n-obair mhór agus a ndíograis.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iontach TG4. Tá buíochas speisialta le cur in iúl don Ard-Stiúrthóir Alan Esslemont as an gceannaireacht eiseamláireach a dhéanann sé ar TG4. Tréasláim leis an rath ar fad atá tugtha i gcrích ag an eagraíocht faoina stiúir. Tá Bord TG4 ag súil go mór le bheith ag obair in éineacht leis an bhfoireann ar fad chun Fís TG4 Tar Éis Covid 2022-2025 a chur i bhfeidhm.

Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le Coimisiún na Meán as an tacaíocht leanúnach a thugann siad do TG4. Táimid ag tnúth le dul i mbun plé leo faoin athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí agus ábhar Gaeilge ar fud chóras na meán cumarsáide, go háirithe ó tharla go leagfar béim san athbhreithniú, mar a mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán, ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an Aire Catherine Martin TD, leis an Ard-Rúnaí Katherine Licken agus le hoifigigh na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá TG4 thar a bheith buíoch díobh as seasamh lenár gcuspóir ar mhaithe leis an lucht féachana, leis an nGaeltacht agus le lucht labhartha na Gaeilge, leis an teanga féin agus leis an ngeilleagar cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn.

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2023

Tuairisc an Ard-Stiúrthóra, 2022

Is ábhar bróid ag TG4 a bhfuil bainte amach againn maidir leis na meáin Ghaeilge le cúpla bliain anuas agus leanadh den ghnóthachtáil sa bhliain 2022. Is iomaí cor a cuireadh den chéad uair i stair TG4 agus i stair na Gaeilge i rith na bliana. Bhí scannáin Gaeilge Cine4 ar taispeáint i bpictiúrlanna, ag féilte idirnáisiúnta in Éirinn agus thar lear, le haird mhór ag an bpobal orthu agus moladh mór ag léirmheastóirí, agus bhí *An Cailín Ciúin* ar an gcéad léiriúchán Gaeilge riamh a ainmníodh don ghradam Oscar don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr.

Ba í seo an chéad bhliain d'Fhís TG4 Tar Éis Covid 2022-2025. Leagtar príomhbhéis san Fhís ar réimse poiblí a chothú do phobal labhartha na Gaeilge, stádas náisiúnta don teanga a chruthú agus príomhshruthú a dhéanamh ar an teanga sa réimse náisiúnta. Tá sé bunaithe ar chaighdeán agus stádas bhanda TG4 a fhorbairt de réir tagarmharcanna ar leibhéal Eorpach. Baineadh nithe áirithe amach i ndáil leis an straitéis i rith na bliana, lena n-áirítear sciar níos airde den lucht féachana náisiúnta teilifíse, ná aon bhliain ó 2011 i leith. Tá an tuairisc seo uaim dírithe ar roinnt dár tugadh i gcrích.

Cine4 — Scannáin Ghaeilge

An teanga Ghaeilge an cion tairbhe is mó a chuireann Éire le hiléagsúlacht ar fud an domhain. Tá de phribhléid ag gach glún Gael i ndiaidh a chéile, agus de dhualgas orthu, iléagsúlacht teanga na hÉireann mar chuid d'éiceachóras teangacha an domhain agus den iléagsúlachta teangeolaíochta dhomhanda a chaomhnú.

Mar a dúirt Colm Bairéad, duine de na scríbhneoirí/stiúrthóirí lena n-oibrímid go láidir: “ionas go maireann teanga ar bith, ní mór di a theacht i láthair i réimse an chultúir”. Cuidíonn *Cine4*, scéim scannánaíochta Gaeilge TG4 i gcomhar le Fís Éireann agus le Coimisiún na Meán

lena chinntiú go dtagann an Ghaeilge i láthair i réimse an chultúir.

Ón tráth ar seoladh TG4, tá drámaíocht trí Ghaeilge lárnach san fhís atá againn don lucht féachana agus tá gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta á mbronnadh go rialta ar na léiritheoirí drámaíochta. Sa bhliain 2017, bhunaigh TG4 an scéim Cine4 d'fhonn scannánaíocht na Gaeilge a chur ar leibhéal nua agus ábhar Gaeilge TG4 a leathnú amach le go mbeadh sé ar taispeáint i bpictiúrlanna. Tugann an scéim deis do na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn toradh a gcuid cumais agus scileanna a léiriú ar an leibhéal is airde agus rinneadh bealach isteach ar mhargadh domhanda na meán cumarsáide d'ábhar drámaíochta Gaeilge. Chuireamar ardaidhmeanna roimh an scéim ón tús agus rún againn scannáin Ghaeilge a léiriú a ghnóthódh ainmniúcháin do ghradaim Oscar.

Go dtí seo, tá sé cinn de scannáin Ghaeilge déanta againn a cuireadh ar taispeáint i bpictiúrlanna agus ag féilte idirnáisiúnta in Éirinn agus ar fud an domhain, péire acu sin a ndearnadh an chéad léiriú craolacháin orthu cheana féin ar TG4. Is iad na sé scannán: *Finky*, *Arracht*, *Róise & Frank*, *Foscadh*, *An Cailín Ciúin* agus *Tarrac*. Is ábhar mór bróid againn na scannáin, agus na comhlachtaí léiriúcháin ar éirigh chomh maith sin leo ag cuidiú le saothar a chruthú lena bhfuil suntas náisiúnta, chomh maith le stádas a dhaingniú don Ghaeilge.

Sa bhliain 2021, chuidigh roghnú *Arracht* mar iarracht na hÉireann i gcatagóir Ghradaim Oscar don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr, agus a thaispeáint ina dhiaidh sin i bpictiúrlanna, le bonn treise a chur faoin stádas suntasach a ghabhann le scannánaíocht na Gaeilge. I rith na bliana 2022, leanadh, trí Cine4, den straitéis “TG4 Gach Áit” a leathnú. Ba é *Foscadh* iarratas na hÉireann sa



An tAire Catherine Martin le foireann *An Cailín Ciúin* ag an Dublin International Film Festival

“Cine4, a still nascent partnership between TG4, Screen Ireland/Fís Éireann and the Broadcasting Authority of Ireland, has already done several special things, from existing in the first place to giving us *An Cailín Ciúin*, the “quiet” film that has exceeded €600,000 at the Irish and UK box office, smashing records for an Irish language feature several times over.”

Laura Slattery

“Citing the national and international success of TG4-backed film *An Cailín Ciúin*, Mr Esslemont described financial support for what the broadcaster does as ‘venture capital for the nation’s credibility.’”

Laura Slattery, *Irish Times*, 23/8/22

chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag Gradaim Oscar sa bhliain 2022 agus bhí sé ar feiceáil i bpictiúrlanna ar fud na tíre an chéad leath den bhliain. Seoladh *Róise & Frank* agus *An Cailín Ciúin* i bpictiúrlanna ar fud na tíre agus ar fud an domhain an dara leath den bhliain 2022. Bhí an-tóir ar *Róise & Frank*, fadscannán Gaeilge don teaghlach, ag féilte ó rinneadh é a sheoladh ar dtús agus bronnadh gradaim éagsúla air. Tharla freisin i gcás *Arracht* agus *Foscadh* an chéad chraoladh teilifíse ar TG4 i bhfómhar na bliana 2022. I bpríomhionad Scannán na Seachtaine i sceideal TG4 a craoladh iad agus d’éirigh go maith leo leis an lucht féachana.

Tá níos mó ná €1m d’ollteacht isteach gnóthaithe ag *An Cailín Ciúin* i mboscaí ticéad phictiúrlanna na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe amháin, rud a fhágann gurb é an scannán Gaeilge is fearr a chruthaigh riamh é. Corraíonn an scannán an croí sa lucht féachana i bpictiúrlanna ar fud an domhain agus tharraing sé aird mhór ag féilte scannánaíochta chomh maith le moladh an lucht criticeoireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ainmníodh an scannán ins na 95ú Gradaim an Acadaimh sa bhliain 2023, sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag Gradaim Oscar, éacht ós é an chéad scannán Gaeilge riamh é a fuair ainmniúchán sa chatagóir sin. Bronnadh gradaim éagsúla eile ar an scannán ó taispeánadh den chéad uair é ag Berlinale 2022, ina measc Gradam an Grand Prix ag Berlinale, seacht gcinn de ghradaim IFTA agus ainmniúchán BAFTA. Cuireadh *An Cailín Ciúin* ar taispeáint i bpictiúrlanna ar fud an domhain.

Táthar an-bhuíoch dár gcuid páirtneirí, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán, as a gcuid dúthrachta i leith na scannánaíochta trí Ghaeilge. Tá ardmholadh idirnáisiúnta tarraingthe ag scéim Cine4 agus is soiléir an teist sin ar an gcaighdeán sárchumais cruthaitheachta agus ealaíne sna daoine atá ag saothrú trí Ghaeilge in Éirinn faoi láthair.

Lucht Féachana TG4

I ndáil le craoladh líneach, rinne TG4 dul chun cinn leanúnach maidir leis an sciar den lucht féachana. D’fhéach 3.7m duine nó 82% den daonra ar TG4 tráth

éigin i rith na bliana 2022. Tá ardú ar sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse le trí bliana anuas agus tháinig ardú beagnach 2% air sa bhliain 2022. Is é seo an chéad uair ón mbliain 2011 i leith ar baineadh leibhéal mar seo amach. Tháinig ardú 5% freisin ar an sciar den lucht féachana príomhthráthanna craolta go 2.15%.

Lean an forás tréan i rith na bliana 2022 maidir le meáin dhigiteacha neamhlíneacha TG4 agus le lucht féachana na meán sin. Tháinig ardú beagnach 120% go 136m ar líon na mbabhtaí a breathnaíodh ar fhíseáin trasardáin ar ábhar de chuid TG4 (tar éis forás 65% sa bhliain 2021).

Bhí ceangal trasmeáin TG4 le lucht féachana na Gaeilge tréan dlúth sa bhliain 2022 agus cothaíodh caidreamh le 66% de lucht féachana uile na Gaeilge go seachtainiúil ar fud na n-ardán líneach agus digiteach ar fad, teilifís, gléasanna cliste, gairis phóca, ar líne, etc. Is sciar ard é sin ar fud na n-ardán ar fad.

Le roinnt blianta anuas, tá dhá ardán nua neamhlíneach, *Bloc* agus *Molscéal*, tugtha chun cinn ag TG4. I rith na bliana, rinne *Molscéal*, ardán TG4 do scéalta Gaeilge pobalbhunaithe as ceantair Ghaeltachta, go rímhaith le forás beagnach 10% go dtí 2.6m ar líon na bhfíseán ar breathnaíodh orthu. Is láidir an cruthú sin ar mhargadh géar-iomaíochta d’ábhar ar líne/meán sóisialta.

Feictear do na glúnta óga anois gur aon-siopa-amháin iad na meáin shóisialta maidir le caidreamh sóisialta, nuacht, ceol, cluichí, ábhar arna chruthú ag an úsáideoir agus eolas sainphearsanta. Chuir *Bloc*, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine 18-34 bliana d’aois, beagnach 2% go 3m sa bhliain 2022 le líon na bhfíseán ar breathnaíodh orthu. Cé nach forás tréan sin, is ardú atá ann ar an úsáid i measc na ndaoine óga sa lucht féachana — réimse déimeagrafaíochta ar deacair díriú air agus lena mbaineann iomaíocht an-ghéar.

Ón mbliain 2021, tá TG4 ag díriú ar ábhar níos dána agus níos spleodraí a choimisiúnú don aoisghrúpa 15-34. Táthar anois i dtús dea-thoradh a fheiceáil air sin ó thaobh dul i bhfeidhm ar an lucht féachana. I rith na bliana 2022, bhreathnaigh 46% de lucht féachana na Gaeilge idir 15 agus 34 bliana d’aois ar ábhar TG4 ar fud na n-ardán





Niamh Ní Chróinín, Cúla4

“There’s more than an evening’s viewing for us all from our world class broadcaster TG4.”

Tara Brady,
The Irish Times, 11.3.22

líneach agus digiteach ar fad. Is maith an cruthú sin maidir le margadh ábhair don aoisghrúpa seo lena mbaineann ionaíocht an-ghéar.

Cúla4 — Lucht Féachana na Leanaí

I mí Meán Fómhair 2023, seolfaidh TG4 cainéal Cúla4, cion tairbhe an-tábhachtach maidir le normálú a dhéanamh ar ábhar Gaeilge do leanaí in Éirinn. Seo an cainéal nua faoi leith a bheidh againn do leanaí agus beidh sé á sheoladh ar Sheinnteoír TG4, ar Saorview agus ar Virgin Cable chomh maith lena chur ar fáil do Sky Ireland. I rith na bliana 2022, d’oibríomar lena chinntiú go mbeidh sársheirbhís ar bun agus á cur ar fáil againn faoin spriocdháta. Tá acmhainní nua ceaptha againn maidir le Cúla4 ar a n-áirítear Láithreoir nua a fheidhmeoidh mar ambasadóir óige chomh maith le Cúla4 a chur i láthair ar an scáileán agus trasna na n-ardán. I nGaeilge amháin a dhéanfar craoladh ar an gcainéal seo. Leanfaidh Cúla4 ag cur leis an soláthar cláracha do leanaí ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus ar ardáin neamhlíneacha atá dírithe ar leanaí. Tá ról lárnach ag na meáin i bhforbairt ar thuiscint agus mheon leanaí agus ar a rannpháirtíocht sa phobal. Ní mór dúinn freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga i spásanna sábháilte le hábhar iontaoifa. Beidh ról tábhachtach le Cúla4 maidir le féiniúlacht dreamanna a chur chun cinn agus pobal na hÉireann a threisiú agus le cuidiú leis an nGaeilge a chur chun cinn ó ghlúin go glúin. Mura mbíonn meáin na Gaeilge feiceálach, follasach, mealltach, tá an chontúirt ann nach leanfaidh tábhacht leis an teanga, go háirithe ag daoine óga in Éirinn atá ag fás aníos i dtimpeallacht ilmheán domhanda. Is tábhachtaí ná riamh anois go dtreiseodh TG4 leis an aird ar ábhar i nGaeilge agus go ndéanfaí freastal ar lucht féachana óg ionas go spreagfar iad, is iadsan a chinnfidh a mbeidh i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail.

Tá ábhar Cúla4 á chur ar fáil freisin ag TG4 mar

acmhainn fhiúntach teanga sna bunscoileanna. Ón suirbhé neamhspleách is deireanaí, arna dhéanamh ag RedC, is léir go mbíonn leas á bhaint go rialta as TG4 nó Seinnteoir Cúla4 ag 44% de na múinteoirí bunscoile, 80% de na múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, agus 250,000 dalta bunscoile ar fud na hÉireann.

Leanadh ag cur le hábhar Cúla4 i rith na bliana 2022 agus le TG4 Foghlaim freisin, an acmhainn oideachais eile atá againn, acmhainn foghlama ar líne atá ina bhonn treise faoi scoileanna bunscolaíochta agus iarbunscolaíochta. Rinneadh an tairseach sin a fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), faoi stiúir na Roinne Oideachais. Cuireadh leis an ábhar atá ar fáil ar an suíomh, agus lena fheiceálacht, trína chur chun cinn ar ardáin na meán sóisialta agus le bearta caidrimh le scoileanna, ollscoileanna agus cumainn na múinteoirí chomh maith le heagraíochtaí eile. D’éirigh go maith le TG4 Foghlaim leis an lucht úsáide agus sa bhliain 2022, tháinig ardú 25% ar an gcaidreamh le TG4 Foghlaim agus breathnaíodh ar os cionn 100,000 leathanach. Tá fíis agus straitéis nua á leagan amach againn maidir le tionscadail oideachais TG4 ar mhaithe le bonn daingean a chur faoi fhoghlaim na Gaeilge agus cur le líon na ndaoine a úsáideann na hacmhainní tábhachtacha seo.

Freastal ar Lucht Féachana na Gaeilge le Seirbhísí Nuachta Forfheabhsaithe

Sa bhliain 2022, moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán¹ go mbeadh smacht eagarthóir-eachta go neamhspleách ag TG4 ar sheirbhísí nuachta an stáisiúin d’fhonn foráil d’iolarachas níos mó sa tráchtairacht nuachta agus d’fhonn cur ar chumas TG4

¹ An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 2022.

“You see TG4, you see the Cup final on TV, it’s a joy to see and hopefully it keeps going”.

Pearl Slattery,
Irish Independent, 3/1/2022



Peil na mBan, léirithe ag Nemeton

seirbhís fhorfheabhsaithe a chur ar fáil don lucht féachana. Tá an moladh sin ag teacht le Straitéis Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4. Cuirimid romhainn seirbhísí nuachta sainiúla neamhspleácha a chur ar bun, seirbhísí digiteacha agus seirbhísí do leanaí san áireamh. Rinneadh bearta éagsúla i rith na bliana 2022 maidir leis an aisling sin a thabhairt i gcrích, an chéad Cheannasáí Nuachta agus Cúrsaí Reatha ag TG4 a cheapadh san áireamh.

Acmhainní maidir leis na Meáin Ghaeilge

Braitheann a bhfuil i ndán don Ghaeilge ar bheartaíocht ar mhaithe le hiléagsúlacht teangacha a chaomhnú a bheith croilárnach maidir le dícheall an stáit. Ní mór aird agus tuiscint níos mó arís a chothú ar an ngá atá leis an nGaeilge a chaomhnú ar an gcéad teanga dúchais in Éirinn. Deimhnítear le gach beart taighde iontaofa sochtheangeolaíochta go bhfuil barrthábhacht cinniúnach le cur na Gaeilge chun cinn mar theanga bheo ó ghlúin go glúin. Tá géarghá le creachtóras tacaíochta agus le deiseanna trínar féidir an Ghaeilge a chur ar aghaidh go nádúrtha sa teaghlach agus sa phobal.

Creidimid go bhfuil ról tábhachtach sa saol digiteach craobhcheangailte le TG4. Is gné chinniúnach na meáin chumarsáide Gaeilge de chaomhnú na hiléagsúlachta teangacha. Tá sin, chomh maith leis an ealaín atá bunaithe ar an teanga, oideachas sa Ghaeilge agus oideachas trí Ghaeilge, le háireamh ar na modhanna tábhachtacha chun cur in aghaidh ‘athrú teanga’.

Is mian liom aird a tharraingt ar obair an rialtais seo ag treisiú le TG4 le trí cinn de bhuiséid anuas. Ceadaíodh ardú €7.3m do TG4 i leith na bliana 2023, an chéad ardú riamh ar scála dá shórt. Táthar buíoch den Aire Catherine Martin as an gceannródaíocht lán léargais ina hAire di agus den Ard-Rúnaí agus d’oifigigh na Roinne as seasamh go leanúnach le Fís TG4 Tar Éis Covid. Is léiriú an t-ardú suntasach seo ar bhuiséad TG4 ar an muintín atá ag an Rialtas as TG4 agus as earnáil na léiritheoirí neamhspleácha a chuireann ábhar de scoth an domhain ar fáil do lucht féachana na hÉireann.

Luaitear go sonrach san Fhís Tar Éis Covid gur féidir

níos mó a dhéanamh agus nach foláir níos mó a dhéanamh. Imríonn na meáin chumarsáide tionchar mór millteach ar theangacha mionlaigh ar fud an domhain mar gheall gur féidir leis na meáin cur le stádas teanga den sórt sin. Tá d’aisling straitéiseach ag TG4 teacht ar leibhéal acmhainní inchurtha le S4C sa Bhreatain Bheag agus ag EITB i dTír na mBascach. Tá TG4 chun deiridh go fóill i gcomórtas leis na craoltóirí teanga mionlaigh eile seo san Eoraip maidir le maoiniú agus le scála agus is gá dúinn a bheith ag feidhmiú ar aon leibhéal le S4C ar a laghad ó thaobh acmhainní agus cistí. Leanfar ag díriú inár gcuid oibre ar an gcuspóir sin a bhaint amach.

Infheistíocht in Eacnamaíocht na Cruthaitheachta sna Réigiúin

Sa bhliain 2022, chaith TG4 €31.1m ar sheirbhísí cruthaitheachta in Éirinn agus caitheadh €26.3m de sin le comhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin, beagnach an t-iomlán le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Sa bhliain 2022, infheistíodh 72% de mhaoiniú poiblí TG4 in ábhar ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha.

Trí chaiteachas TG4 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge agus trí na seirbhísí eile ar fad a cheannaítear ó chomhlachtaí cruthaitheachta in Éirinn, treisíonn TG4 le forbairt an tionscail agus an chumas léiriúcháin agus le postanna agus teacht isteach sna réigiúin ionas go gcuidítear le heacnamaíocht na cruthaitheachta a chothú sna réigiúin in Éirinn.

Lean TG4 i rith na bliana 2022 den infheistíocht i scéimeanna maidir le cumas a fhorbairt san earnáil. Ba í an tríú bliain í den Scéim Forbartha Oilíúna i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Roghnaíodh 13 iarratasóir do shocrúchán bliana le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus le hoiliúint chreidiúnaithe arna tabhairt i gcrích ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Sheolamar scéim nua freisin sa bhliain 2022, in éineacht le hÚdarás na Gaeltachta, Fís Éireann agus Gréasán na Meán, d’fhonn earnáil na léiritheoirí ciosamhairc i réigiún an Iarthuaiscirt a fhorbairt. Bhí gné forbartha san áireamh freisin le gach babhta coimisiúnaithe de chuid TG4 sa

bhliain 2022 d'fhonn cuidiú le scríbhneoireacht na Gaeilge, stiúirthóireacht agus scileanna léiriúcháin a thabhairt chun cinn san earnáil.

Buíochas

Ba mhaith liom, thar ceann TG4, buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin TD, chomh maith leis an Ard-Rúnaí Katherine Licken agus na hoifigigh eile sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is mór againn a gcuid tacaíochta agus arduithe cistíochta maidir le Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí na Gaeilge.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le comhaltaí uile Bhoird TG4 as an bhfónamh leanúnach a dhéanann siad don eagraíocht. Fearaim fáilte faoi leith roimh chomhaltaí nua an Bhoird agus roimh an gCathaoirleach nua Anna Ní Ghallachair agus gabhaim buíochas faoi leith leosan. Táimid ríbhúioch díobh as a gcuid saineolaíoch agus dúthrachta a chaitheamh le TG4 agus táimid ag tnúth go mór le hoibriú leo i rith na mblianta seo romhainn faoi cheannródaíocht shainiúilte Anna.

Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh le heagraíochtaí eile a n-oibríonn TG4 go dlúth leo — Coimisiún na Meán, Fís Éireann, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, Údarás na Gaeltachta agus RTÉ. Tá muid thar a bheith buíoch freisin de na heagraíochtaí spóirt, cultúir agus teanga ar fad a mbímid ag obair leo. Aithnímid an tairbhe mhór a dhéanann siad maidir le seirbhísí TG4. Is mian liom buíochas a chur in iúl freisin dár gcomhghleacaithe in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Tá cion tairbhe i gcónaí ag TG4 as cumas cruthaitheachta na hearnála mar atá ag an lucht féachana agus ag príomhshruthú na Gaeilge trí mheán na teilifíse agus na scannánaíochta. Táthar ag tnúth le hoibriú in éineacht leo i rith na bliana 2023 agus go fada ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom mar fhocal scoil buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe. Tá siad bliain i ndiaidh bliana ag cur TG4 chun tosaigh ar a raibh bainte amach cheana. Is toradh ar a gcuid díograise agus díocais na nithe suntasacha atá tugtha i gcrích maidir le seirbhís TG4 i margadh domhanda na meán cumarsáide a bhfuil iomaíocht ríghéar ag baint leis.

An bhliain seo chugainn

Ar cheann de mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, tá: “Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud chóras na meán ina leagfar béim ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna maidir le nuálaíocht agus comhoibriú. Ba chóir go mbeadh moltaí san athbhreithniú seo, atá le tabhairt chun críche laistigh de 18 mí, maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú”. Tá TG4 ag tnúth le páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin. Feictear dúinn go ndéanfar é a leagan amach i gcomhthéacs na Straitéisí Bainistíochta Teanga atá dírithe ar éiceachóras iléagsúlacht teangacha na hÉireann a chaomhnú do lucht na linne seo agus do na glúnta atá le teacht.

Táthar ag tnúth freisin leis an leathnú leanúnach ar ár gcuid seirbhísí. Seoladh TG4 HD ar Saorview i mí na Nollag 2022 agus táthar ag ullmhú le Cúla4 agus cainéal TG4+1 a sheoladh i mí Meán Fómhair 2023.

Tá súil againn freisin go leanfaidh an rath iontach atá ar scannáin Cine4 agus an obair léiriúcháin agus forbartha á thabhairt chun cinn againn ar ceithre scannán eile Gaeilge.

Cuirfear i bhfeidhm an dara bliain den Fhís Tar Éis Covid, arna ndéanfar a chinntiú go ndéantar an maoiniú breise a chur i leith: cláracha agus ábhar sármaith don lucht féachana; daoine cumasacha nua a chothú; agus cruthaitheacht. Leanfar lenár gcuid infheistíochta i rith na bliana 2023 de ghné lárnach dár bhFís Tar Éis Covid a thabhairt i gcrích, go mbeidh “ról lárnach ag ábhar seirbhíse poiblí Gaeilge in Éirinn atá ag athrú”.

Future of Media Commission Report: Some of the commission's approved recommendations — the view that TG4 should have independent control of its own Nuacht and measures to give a wider range of news outlets access to public funding — have been welcomed.

Laura Slattery,
The Irish Times, 12/7/22

Alan Esslemont
Ard-Stiúirthóir TG4
22 Meitheamh 2023



Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cúrsaí Rialachais

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4. Tá comhaontú formhaoirseachta bhliantúil i bhfeidhm idir Teilifís na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaoíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach,

- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú,
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 17 Aibreán 2023.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2022.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, an tArdstíurthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 ghnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Rinneadh gach ceapachán nua chuig an mBord a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus ceapadh gach comhalta athcheaptha ar feadh trí bliana breise. Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 6 chomhalta baineann (55%) agus 5 chomhalta fireann (45%) ar an mBord, agus bhí folúntas amháin le líonadh. De bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtais go mbeadh ar a laghad 40% de gach inscne i mBallraíocht na mBord Stáit.

Leagtar amach sa tábla thíos mionolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta arna Cheapadh
Alan Esslemont (An tArd-Stíurthóir)	Príomhfheidhmeannach	14/10/2016
Anna Ní Ghallachair	Cathaoirleach	29/11/2022
Bríd Ní Fhachtna	Gnáthchomhalta	Athcheapadh 22/12/2020
Frank Reidy	Gnáthchomhalta	Athcheapadh 22/12/2020
Mairéad Ní Nuadháin	Gnáthchomhalta	Athcheapadh 29/11/2022
Siobhán Ní Ghadhra	Gnáthchomhalta	Athcheapadh 29/11/2022
Darach Ó Tuairisg	Gnáthchomhalta	Athcheapadh 29/11/2022
Seán Ó Domhnaill	Gnáthchomhalta	08/05/2020
Róisín Ní Ráighne	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Aedín O'Leary	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Seán Ó Cuirreáin	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Sonia Ní Giolla Easbuig	Gnáthchomhalta	07/02/2023
Rinne an Bord Athbhreithniú agus Measúiníocht ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí Aibreán 2022.		

Tá cheithre choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Cúigear comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Is é ról atá leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnaimh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoina bhráid i scríbhinn.

Is iad atá ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach), Frank Reidy, Mairéad Ní Nuadháin, Anna Ní Ghallachair agus Aedín O'Leary. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2022.

2. An Coiste Luach Saothair: Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí

an choiste: Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach), Bríd Ní Fhachtna agus Seán Ó Cuirreáin. Ní raibh aon chruinniú den choiste Luach Saothair ann in 2022 mar gur tháinig deireadh le tréimhse na gcomhaltaí a bhí ar an gCoiste roimhe sin i mí Aibreáin 2022 agus níor bunaíodh an coiste nua go dtí mí Feabhra 2023.

3. An Coiste Branda: Beirt chomhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Róisín Ní Raighne (Cathaoirleach) agus Siobhán Ní Ghadhra. Bhí Michelle Ní Chróinín ina Cathaoirleach ar an gcoiste seo go dtí Aibreán 2022, nuair a tháinig deireadh lena tréimhse. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2022.

4. An Coiste Digiteach: Beirt chomhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Seán Ó Domhnaill (Cathaoirleach) agus Darach Ó Tuairisg. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2022.

Na Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le tréimhse an Chathaoirligh agus ceathrar comhaltaí Boird i mí Aibreáin 2022. I mí na Samhna 2022, ceapadh Cathaoirleach nua agus triúr

Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2022 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta

	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	An Coiste Luach Saothair	An Coiste Branda	An Coiste Digiteach	Táillí 2022	Costais 2022
Líon na gCruinnithe	7	4	0	2	1		
Alan Esslemont	7	-	-	-	-	-	-
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach atá ag dul as oifig) (Dáta Scoir 15/04/2022)	2	-	-	-	-	6,231	-
Des Geraghty (Dáta Scoir 15/04/2022)	2	-	-	-	-	3,635	178
Mairéad Ní Cheóinín (Dáta Scoir 15/04/2022)	2	-	-	-	-	3,635	-
Micheál Seoighe (Dáta Scoir 15/04/2022)	2	-	-	-	-	3,635	-
Michelle Ní Chróinín (Dáta Scoir 15/04/2022)	2	-	-	1	-	-	-
Bríd Ní Fhachtna	7	4	-	-	-	12,600	3,858
Frank Reidy	7	4	-	-	-	12,600	188
Mairéad Ní Nuadháin (Athcheaptha 29/11/2022)	7	4	-	-	-	12,309	1,771
Siobhán Ní Ghadhra (Athcheaptha 29/11/2022)	5	-	-	2	-	12,309	-
Darach Ó Tuairisg (Athcheaptha 29/11/2022)	7	-	-	-	1	12,309	321
Seán Ó Domhnaill	7	-	-	-	1	12,600	396
Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach) (Ceaptha 29/11/2022)	1	-	-	-	-	1,994	-
Róisín Ní Raighne (Ceaptha 29/11/2022)	1	-	-	-	-	1,163	-
Aedín O'Leary (Ceaptha 29/11/2022)	1	-	-	-	-	1,163	-
Seán Ó Cuirreáin (Ceaptha 29/11/2022)	1	-	-	-	-	1,163	-
Ilchaiteachais							2,683
Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí chuig an mBord)							
						97,346	9,395

Bhí aon chomhalta amháin den bhord, Michelle Ní Chróinín, nach bhfuair táille Boird de réir phrionsabail an Aon Tuarastail Amháin don Aon Duine Amháin.

comhaltaí Boird, chomh maith le athcheapachán ar triúr comhaltaí Boird. I mí Feabhra 2023, ceapadh comhalta Boird amháin. I mí Mheán Fómhair 2022, d'éirigh Emer Ní Ghabhnáin as an bpost ardbhainistíochta mar Stiúrthóir Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta, agus ceapadh Nóra-Máire Uí Mhocháin sa phost. Ní dearnadh aon athruithe eile ar an mbainistíocht shinsearach in 2022.

Nochtadh atá dlí faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

Costas Comhairleoireachta

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

	2022 €	2021 €
Comhairle dlí	9,566	4,078
Comhairle airgeadais	10,251	14,910
Gnóthaí margaíochta	161,138	137,602
Acmhainní Daonna/Pinsin	10,290	18,885
Forbairt gnó	75,065	40,053
Eile	61,801	35,781
lomlán an chostais comhairleoireachta	328,111	251,309
Costas comhairleoireachta arna chaipitliú	-	-
Costas comhairleoireachta a luaitear de mhúirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	328,111	251,309
lomlán	328,111	251,309

Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
In Éirinn:		
An Bord	6,638	6,868
An Fhoireann	77,523	29,327
Tar lear:		
An Bord	-	-
An Fhoireann	66,853	14,000
lomlán	151,014	50,195

Caiteachas Fáilteachas

Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2022 €	2021 €
Fáilteachas foirne	69,438	47,383
Fáilteachas cliaint	20,695	-
lomlán	90,133	47,383

Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais

Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin na cásanna eisceachta seo a leanas:

Ní dhéanann TG4 sonraí faoi shochair ghearrthéarma-acha fhostaithe is mó ná €60,000 a nochtadh de réir bhandaí €10,000 sa tuarascáil bhliantúil mar a d'éileofaí a dhéanamh faoin gCód Cleachtais mar gheall ar íogaire an eolais sin ó thaobh cúrsaí tráchtála. Tá an cás eisceachta sin maidir leis an gCód aontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus déanfar a nochtadh i dTuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire.

Tá TG4 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.



Cathaoirleach
Bord TG4
22 Meitheamh 2023

Athbhreithniú Airgeadais 2022

Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2022 i dtéarmaí a phríomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2022 agus in 2021 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2022
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2022

1. Ioncam

Mar is léir ó Thábla 1 thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha státchiste agus ioncam tráchtála) in 2022 agus €46.18m (2021: €42.03m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig ardú 9.9% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú reatha státchiste (le deontas €100k NDNA agus maoiniú HD €116k san áireamh) agus €40.95m (2021: €36.83m) den ioncam sin agus b'ionann é agus 88.7% (2021: 87.6%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 11.3% in 2022 ag €5.2m (2021: €5.2m).

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála 0.5%. Is feidhmíocht fhónta é sin i mbliain a bhí an-iomaíoch ó thaobh an margadh fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: Ioncam TG4 2022

Cur síos	2022		2021	
	€'000	%	€'000	%
Deontas i gCabhair	40,733	88.2%	36,733	87.4%
Maoiniú NDNA	100	0.2%	100	0.2%
Maoiniú breise i leith Costais Tarchuir HD	116	0.3%	–	–
Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht)	3,424	7.4%	3,385	8.1%
Tráchtáil eile	1,805	3.9%	1,818	4.3%
Teacht isteach iomlán	46,178	100%	42,036	100%

2. Caiteachas Oibriúcháin

I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €46.14m in 2022, ardú 12.18% ar an €41.13m a caitheadh in 2021. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2: Caiteachas Oibriúcháin TG4 2022 Vs 2021

Cur síos	€'000		% Athrú 2022 Vs 2021
	2022	2021	
Costas na nDíolachán	1,174	1,137	3.3%
Costais Foirne	6,945	6,365	9.1%
Caiteachas Clár	32,091	27,879	15.1%
Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur agus costais Mhargáíochta san áireamh)	5,928	5,746	3.2%
Caiteachas Oibriúcháin iomlán	46,138	41,127	12.18%

3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2022. Baineadh sábháilte amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2022

Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 70% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú, le sprioc do 80%. Mar a léirítear i d**Tábla 3** thíos, 80% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 20% eile den mhaoiniú Státchiste in 2022 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Tábla 3: Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2022

Cur síos	2022		2021	
	€'000	%	€'000	%
Maoiniú Reatha Státchiste (fuarthas in 2022)*	42,933	100%	38,733	100%
Clár Ghaeilge a ceannaíodh**:				
Coimisiúnaithe	28,521	67%	25,354	65%
Faighte/dubáilte/fotheidealaithe	3,499	8%	3,616	9%
Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh)	2,235	8%	2,163	6%
Costas iomlán ar Léiriúcháin Ábhair Gaeilge	34,255	80%	31,133	80%

* áirítear leis seo €2.2m de mhaoiniú caipitil a úsáideadh do chláracha (€2m sa bhliain 2021)

** is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo in 2022



Edwina Guckian, *Gradam Ceoil TG4* léirithe ag Big Mountain Productions

Ráitis Airgeadais

Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	28
Ráiteas um Rialú Inmheánach	29
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais	31
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	33
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	34
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	35
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	36-44

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltáí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasáochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasáochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína

gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasáochta a nglactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2023

Ráitis Airgeadais

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Scóp Freagrachtaí

Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

An Cuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach

Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baol leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

Ábaltacht Riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iníúcháireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil cúigeir de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúcháireachta. Tá duine den cúigeir ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2022.

Tá feidhm maidir le hiniúcháireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baol curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baol a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baol atá curtha ar bun agus míoneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baol agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baol d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baol a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baol agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baol ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baol curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baol atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir cé chomh tromchúiseach atá siad. Déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóir-eachta sin ar mhaithe le pleanáil agus

chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baol ionas go bhfágfar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar míoneolas sa chlár réimsí baol ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baol a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhréimsí gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baol agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbearta rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair agus gur chloigh TG4 leo sa bhliain 2022.

Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baol. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iníúcháirí inmheánacha agus na n-iníúcháirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iníúcháireachta & Riosca agus Ábhar Baol a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine

sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2022 ar an 12 Nollaig 2022.

Bearta Rialála Inmheánacha

I rith 2022, de bharr easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha, tharla gníomh neamhúdaraíthe i leith ceann dár gcuid córais “néalbhunaithe”. Rinneadh scrúdú ar an ábhar láithreach nuair a aimsíodh é agus tuairiscíodh don Roinn agus don Gharda Síochána é. Rinneadh nuashonrú ar na rialuithe agus na nósanna imeachta ábhartha ó shin, chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, agus tá beartas curtha i bhfeidhm ag TG4 chun na costais bhreise de thart ar €40,000 a tabhaíodh mar thoradh ar an sárú seo chlúdach.

Mar a tugadh faoi deara in 2021, in 2019, d'oibrigh TG4 ar bhuiséad agus pleanáil d'uasghrádú bogearraí. In 2020, áfach, ba léir nach raibh an t-uasghrádú a bhí pleanáilte ar an gcóras criticiúil indéanta a thuilleadh agus mar gheall ar an bhfráma ama, srianta COVID-19, costais agus riosca don chraoladh a bhí i gceist, roghnaíodh soláthróir a measadh gur

iad is fearr, le taithí ábhartha a fuarthas ó rannpháirtíocht roimhe seo le TG4, chun na hearraí agus na seirbhísí riachtanacha a sholáthar do TG4. Is é luach iomlán measta an chonartha in euro ná €911k agus é le íoc thar thréimhse trí bliana ag tosú in 2020. Pléadh agus faomhadh an cinneadh seo ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus an bhoird in 2020 toisc nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Le linn 2022, déanadh an íocaíocht deiridh, de luach €105k, maidir leis an gconradh seo.

Níor tugadh aon easnamh eile maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2022 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2023

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Teilifís na Gaeilge

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta*.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, san aireamh an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltáí an Bhoird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscim trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2023

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (ar lean)

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursai rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordáitear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaíocht nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhiráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíocht nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfaid i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhiráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaíocht nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaíocht nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaíocht a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaíocht.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.

- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaitheadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinniteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Ráitis Airgeadais

		Teilifís na Gaeilge	
		Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022	
	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Díolacháin			
Ioncam tráchtála	3	5,229	5,203
Costas díolacháin	3	(1,174)	(1,137)
Glan Díolacháin		4,055	4,066
Caiteachas			
Costais foirne	4	6,945	6,365
Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird	5	106	142
Caiteachas clár	6	32,091	27,879
Costais tarchuir		1,396	1,422
Margaíocht agus taighde	7	2,192	2,031
Forchostais	8	2,340	2,293
Dímheas	9	2,233	2,325
Caiteachas Iomlán		47,303	42,457
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(43,248)	(38,391)
Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		0	0
		(43,248)	(38,391)
Cistíocht stáit	13	43,262	38,389
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		14	(2)
Cánachas	14	(2)	(17)
Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais		12	(19)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30

Ní raibh aon bhrabús ná cailteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh ins an I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Alan Esslemont
Ard-Stiúrthóir

22 Meitheamh 2023

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge					
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022					
	Nótaí	€'000	2022 €'000	€'000	2021 €'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9		6,048		6,227
Sócmhainní seasta doláimhsithe	11		2,809		1,562
			8,857		7,789
Sócmhainní Reatha					
Infháltais	15	2,668		2,199	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	16	1,340		1,154	
Réamhíocaíochtaí Clár	17	8,948		8,009	
			12,956	11,362	
Dlíteanais Reatha					
Iníocaíochtaí	18	(4,508)		(3,881)	
Glan Sócmhainní Reatha			8,448		7,481
Glan Sócmhainní			17,305		15,270
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais chaipitil	10		5,958		6,120
Deontais reatha iarchurtha	12		11,755		9,570
Cúlchistí ioncaim	19		(408)		(420)
			17,305		15,270

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–30.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Alan Esslemont
Ard-Stiúrthóir

22 Meitheamh 2023

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge			
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022			
	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí		14	(2)
Dímheas		2,233	2,325
Amúchadh ar chostais clár		29,226	25,406
Amúchadh ar dheontais rialtais		(4,362)	(4,270)
Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár		(29,226)	(25,406)
(Ardú)/Laghdú ar Infháiltas		(473)	(19)
(Ardú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Clár		(939)	(2,799)
Ardú/(Laghdú) in Iníocaíochtaí		617	526
Cánachas Íoctha		12	(23)
Ús faighte		–	–
Airgead tirim ó oibriúcháin		(2,898)	(4,262)
Ús a íocadh		–	–
Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí		(2,898)	(4,262)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Sócmhainní Seasta Inláimsithe a ceannaíodh	9	(2,054)	(2,073)
Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh	11	(30,473)	(25,362)
Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		–	–
Deontais caipitil Stáit	13	4,200	4,000
Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní clár		31,411	28,160
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		3,084	4,725
Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluch in airgead tirim	20	186	463

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Alan Esslemont
Ard-Stiúrthóir

22 Meitheamh 2023

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hÍtimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) Bunú Theilifís na Gaeilge

